# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **scread**?
   (a) Dúirt
   (b) Scairt
   (c) Rith

2. Tá an frása **bhí an ghrian ag dul faoi** i bparagraf 3. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?

3. Cé acu thíos atá contrártha le **cliste**?
   (a) Cúramach
   (b) Bómánta
   (c) Buartha

4. Chonaic Róló coinín sa choill. Ainmnigh 3 ainmhí eile atá le feiceáil sa choill.

## Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Cad é ábhar an scéil seo, go príomha?

2. Cad é a thaitin leat faoin scéal seo?

3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón scéal seo.

4. Cad é a bhí i gceist ag daidí Lára san abairt dheireanach den téacs, do bharúil?

5. An dtig leat smaoineamh ar ainmhí ar bith eile atá cliste?

cea
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

5 Taisme sa Choill

Foilseachán de chuid CCEA © 2016

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



# Taisme sa Choill

Tráthnóna breá samhraidh a bhí ann. Ní raibh scamall ar bith le feiceáil sa spéir. Chuaigh Lára amach ar shiúlóid chuig an choill lena madadh Róló. Ba bhreá le Lára a bheith amuigh ag siúl agus ag amharc ar na huain óga ag rith trí na páirceanna. Ba bhreá le Róló a bheith ag rith i ndiaidh na bhféileacán **daite** agus iad ag eitilt thart ar na bláthanna.

Go tobann, thosaigh Róló ag tafann mar chonaic sé rud éigin ag bogadh sa choill. Coinín a bhí ann. Rith Róló ar shiúl ó Lára agus isteach sa choill leis. Scairt Lára air ach níor thug sé aird ar bith uirthi agus rith sé ar aghaidh. Rith Lára ina dhiaidh. Ar an bhealach isteach chuig an choill bhuail sí a cos ar rud éigin a bhí ina luí ar an talamh. Thit sí agus ghortaigh sí a cos. Bhí pian mhillteanach ina cos. Rinne sí iarracht seasamh ach bhí sí ró-nimhneach. Ní raibh sí ábalta bogadh. Scairt sí ar Róló agus sa deireadh tháinig Róló ar ais chuici.

Bhí Lára ag éirí buartha mar **bhí an ghrian ag dul faoi** agus ní raibh a fhios ag Mamaí cá háit a raibh sí. Thosaigh sí ag caoineadh. Leis sin, thosaigh Róló ag tafann agus rith sé ar shiúl arís. Bhí eagla ar Lára agus í sa choill léi féin.

Tamall beag ina dhiaidh sin, shíl Lára gur chuala sí duine ag scairteadh agus madadh ag tafann. 'Cuidigh liom!' a **scread** Lára agus d'éist sí go cúramach leis an ghuth eile a bhí ag scairteadh. Guth a mamaí a bhí ann! Scairt Lára arís agus arís eile. Níorbh fhada go bhfaca sí Mamaí agus cé a bhí in aice le Mamaí ach Róló? D'imigh Róló abhaile le mamaí Lára a fháil! D'inis Lára an scéal faoi Róló agus faoin choinín do Mhamaí.

Chuir Mamaí scairt ar Dhaidí agus tháinig sé ina charr le Lára a thabhairt chuig an dochtúir. 'Nach tusa atá **cliste**?' arsa Daidí le Róló nuair a bhain sé an choill amach.

'Tá an t-ádh orm go bhfuil sé chomh cliste sin,' arsa Lára 'agus as seo amach ní rachaidh mé áit ar bith eile liom féin gan Róló a bheith liom!'
'Ach is cuma cé chomh cliste is atá madadh, níor chóir duit dul áit ar bith leat féin ar chor ar bith', arsa Daidí.

# Ceisteanna

**1.** **Cá háit a ndeachaigh Lára ag siúl?**
(a) Faoin tuath
(b) Sa bhaile mhór
(c) Cois farraige

**2.** **Cad é mar a bhí an aimsir?**
(a) Lá maith a bhí ann
(b) Bhí drochaimsir ann
(c) Lá iontach fuar a bhí ann

**3.** **Cé acu abairt thíos atá fíor?**
(a) Níor rith Róló ar shiúl ó Lára
(b) D'fhan Róló le Lára nuair a thit sí
(c) D'fhág Róló Lára léi féin sa choill

**4.** **Cé acu thíos is fearr a chuireann síos ar Lára nuair a thit sí sa choill?**
(a) Buartha
(b) Sona
(c) Cliste

**5.** **Cad é mar a mhothaigh Lára nuair a chuala sí guth a mamaí?**
(a) Tháinig imní uirthi
(b) D'éirigh sí tinn
(c) Tháinig áthas uirthi

**6.** **Cad é mar atá a fhios againn go raibh daidí Lára sásta le Róló, do bharúil?**
(a) Cionn is gur rith sé ar shiúl
(b) Cionn is gur shíl sé gur madadh cliste a bhí ann
(c) Cionn is go raibh sé go maith ag seilg coiníní

**7.** **Tá an focal daite in úsáid i bparagraf 1 mar:**
(a) aidiacht.
(b) briathar.
(c) ainmfhocal.

**8.** **Cén sórt téacs é seo?**
(a) Ficsean
(b) Nuacht
(c) Dialann